an aistrithe go dtí an teilifís, agus ar aon dul le meáin nua a fhorbairt, ní mór do chraoltóirí fáil a bheith acu ar gach ardán agus bealach chun ábhar a fháil d'fhonn an tionchar a bhíonn acu a fhairsingiú, agus a aithint nach mór dóibh bheith freagrúil i leith na háite ina bhfuil an lucht féachana agus conas is rogha dóibh ábhar an chláir a fheiceáil agus éisteacht leis. B'fhéidir go bhfuil dealramh na hintuigtheachta air seo, ach tá fíor-impleachtaí agus impleachtaí dúshlánacha aige seo ar chraoltóirí agus dóibh siúd uile ag a bhfuil ról chun beartas poiblí a fhorbairt maidir le craolachán agus leis na meáin go ginearálta.

Bhíodh cainéil líneacha thraidisiúnta athléimneach in Éirinn. Is iad an bealach éisteachta agus féachana i measc an tromlaigh faoi láthair. Ach tá athrú ag teacht ar na patrúin agus ní hé sin le rá gurb ionann bealach éisteachta agus féachana na linne seo agus bealach na todhchaí, fiú roinnt bheag blianta amach romhainn. Ní féidir le duine ar bith beag is fiú a dhéanamh den tasc lena mbaineann freastal ar an lucht féachana ina bhfuil daoine ar gach aois, ionas go dtugtar dóibh réimse cuimsitheach ábhair agus go bhfuiltear feasach air sin a léiríonn beatha na sochaí seo, a chomhlíonann a gcuid riachtanas agus a suimeanna, agus a léiríonn réalachas comhaimseartha agus a lonnóidh Éire agus muintir na hÉireann sa chaidreamh atá acu leis an domhan níos fairsinge. Tá iarmhairtí an-tromchúiseacha ann do thír inar féidir le hábhar seachtrach a craolachán intíre saineiúil agus a meáin go ginearálta a shárú, agus mar thoradh air sin, is baol go n-éireodh ábhar na tíre imeallach i saol na ndaoine sin.

Anuas air sin, tá cur amach ag go leor daoine a chónaíonn in Éirinn ar an mbaol bheith ar an imeall. Sainaitníonn an reacht a chinntiú go soláthraítear an réimse seirbhísí "is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais" lucht féachana na hÉireann mar phríomhchuspóir an BAI. Is é sin an tástáil a dhéanann an dlí orainn agus ar chraoltóirí. Chun freastal ar riachtanais lucht féachana, bíonn orainn comhdhéanamh agus fairsinge a ndearcthaí agus a bpeirspictíochtaí a aithint. Tá ollchumas ag craolachán chun toisí a oscailt amach ar an domhan, chun feasacht a mhúscailt ar smaointí nua agus smaointí atá ag teacht chun cinn agus chun an

intinn a oscailt. Agus amhlaidh á dhéanamh, is gá do chraoltóirí beith oscailte iad féin.

Tá go leor ráite, faoi mar is ceart, faoin tasc a bhaineann le comhdhéanamh nua na bpobal ar fud na tíre, na traidisiúin nua agus na cultúir nua eispéiris a léiriú. Ach níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh ar na grúpaí eile agus na codanna eile de bheatha na sochaí seo nach ndearnadh ionadaíocht dóibh, nach raibh aon trácht orthu agus nach bhfacthas (nó ar bhealach míchuí). Ina measc seo tá tromlach an daonra, mná, a ndéantar tearcionadaíocht dóibh, go háirithe sa nuacht agus in aschur gnóthaí reatha, iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus, go minic, iad siúd ag a bhfuil tuairimí nach bhfuil an meas céanna orthu, ach nach bhfuil chomh neamhbhailí céanna ar cheisteanna comhaimseartha. Freagracht agus dualgas, go deimhin, atá ann seo a aithint i measc craoltóirí. Ceist atá ann atá ar gach craoltóir dul i ngleic léi, go háirithe ina measc siúd a fhaigheann cistiú poiblí agus a leagann a gcuspóirí seirbhíse poiblí iad i suíomh ar leith. Anuas air sin, is gá don BAI plé le ceisteanna rochtana ar ábhar i measc breathnóirí agus éisteoirí atá Bodhar nó a bhfuil Deacrachtaí Éisteachta acu nó atá Dall agus leanaimid le dul i gcomhairle le craoltóirí chun seo a fhorbairt.

Tugann saintréithe athraitheacha thírdhreach na meán ceisteanna dúshlánacha chun solais faoina bhfuil i gceist le breathnóir nó éisteoir i láthair na linne seo agus faoin mbealach is féidir le creatlach rialála a chruthaítear in amanna éagsúla baint leis an am i láthair agus leis an am atá amach romhainn. Tá roinnt daoine ann a d'fhéadfadh nádúr agus láthair aon rialála a cheistiú i dtimpeallacht a bhfuil claochlú tagtha uirthi. Ní mór bheith eolach ar dhá fhírinne thábhachtacha agus machnamh á dhéanamh air seo. Is í an chéad fhírinne ná, cé go bhféadfadh an domhan mórthimpeall athrú, ní thagann athrú ar dhaoine ina measc féin. Agus is í an dara fhírinne ná go sáraíonn riachtanais agus leas an lucht féachana agus an gaol a bhíonn idir daoine agus an tsochaí ina bhfuil siad páirteach léi aon athrú a d'fhéadfadh an teicneolaíocht a chur ar bun. Ar an gcúis seo, bíonn ábharthacht fhada ag na príonsabail atá mar bhonn agus taca leis an dlí craolacháin.

Tá dúshlán iomadúla ann. Dóibh siúd atá freagrach as dlí na tíre agus na hEorpa a mhúnlú, tá orthu a chinntiú go bhfuil na struchtúir agus na coincheapa a úsáidtear sách solúbtha chun domhan meán atá ag teacht chun cinn a fháisceadh. I gcás an BAI, níor cheart dúinn ach a bheith ag machnamh ar chúinsí an ama sin inar dréachtaíodh an reachtaíocht. Ina theannta sin, dúshlán eile dúinn é – agus tabharfar tús áite dó – ár bhforbairt beartais agus ár gcomhairle don Rialtas a fhrámú ionas nach mbíonn siad teoranta maidir lena n-ábharthacht leis na foirmeacha traidisiúnta craolacháin ach go dtéann siad i ngleic le foirmeacha craolacháin amach anseo.

Caitear le rialú go mion minic mar rud sriantach, mar bhacainn ar shaoirse ghníomhaíochta agus thuairimíochta. Míthuiscint atá ann seo ar chuspóir na rialála. Ach cuireann sé in iúl do chomhlacht ar nós an BAI bheith airdeallach i leith aon rud a fheidhmíonn mar chur chuige meicníoch i leith ár dtasc. Ní sraith cosc nó fororduithe diúltacha atá sa dlí. Tá an dlí níos caolchúisí ná sin. Tá na cuspóirí a leagadh amach don Údarás an-soiléir agus tugann siad sinn le chéile chun ábhar ardchaighdeáin agus iriseoireacht neamhspleách “a chur chun cinn” agus “a spreagadh”, i measc rudaí eile. Cruthaíonn seo féidearthachtaí fairsinge agus cuireann sé tasc dúshlánach romhainn. Cuid den tasc sa chéad chéim eile de shaolré an BAI is ea teacht ar bhealaí nua chun cur chun cinn agus chun spreagadh a dhéanamh agus chun bheith mar fhoinsé spreagtha do chraoltóirí chun spriocanna níos mó ná iad siúd is gá a chur rompu a shárú agus a dheimhniú an méid is féidir leo a bhaint amach, le toil agus meon. Ábhar ar a ndíreofar go mór sa chomhthéacs seo is ea rochtain a mhéadú ar ábhar craolta dóibh siúd atá bodhar nó ar a bhfuil lagú éisteachta agus dóibh siúd ar a bhfuil lagú amhairc. De réir mar a thagann feabhas ar chúinsí geilleagracha, beidh sé ina thástáil ar gach duine go dtugtar faoi agus go gcomhlíontar uailmhianta nua.

Sa bhreis air sin, tabharfaimid faoi bhealaí nua chun dul i gcomhairle leis an bpobal, le hionaid leasa agus eispéiris agus, dar ndóigh, le craoltóirí ionas gur féidir linn díriú

na n-uailmhianta nua siúd a thabhairt faoi deara níos fusa. Rinne an file, Louis McNiece trácht ar bhlúire den domhan casta ina dtugann craoltóirí agus an lucht déanta clár faoina dtasc ina dhán Snow:

“World is crazier and more of it than we think,
Incorrigibly plural.”

Is í an éagsúlacht, an iomadúlacht féidearthachta, agus an iolracht sin a bheidh mar shaintréithe nádúr na meán, obair na gcaoltóirí agus, níos tábhachtaí ná sin, comhdhéanamh agus leas an lucht féachana sna blianta amach romhainn. Is mór an phribhléid é dul i ngleic leis an bhféidearthacht seo agus is é a bheidh mar ár bprionsabal gníomhach amach anseo.



Bob Collins

Cathaoirleach

Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)

“Tá rochtain á fáil ag líon méadaitheach daoine ar a gcláir ar bhealach nua agus ní tráth seo inar chóir dúinn bheith neamhairdeallach; is tráth é inar cheart dúinn bheith airdeallach, machnamhach agus lúfar, b’fhéidir”



Réamhrá

Maidir leis an luas ar a bhfuil rudaí ag athrú, tarlaíonn go ndéantar rómheas ar an méid a bheidh tarlaithe faoi cheann trí bliana ach go ndéantar tearcmheas ar an méid a bheidh tarlaithe faoi cheann deich mbliana. Is léir ón méid atá tarlaithe le blianta beaga anuas gurb amhlaidh atá an cás. Laistigh d'fhearann na craoltóireachta agus na meán go ginearálta, tá claochlú an-domhain agus an-mhear ar bun faoi láthair. Tá patrúin bhunaithe úsáid na meán á n-athrú, ní hamháin i measc daoine óga, ach i ngach limistéar agus i measc na n-aoisghrúpaí go pointí áirithe. D'éascaigh meáin dhigiteacha chun ábhar na gclár a tháirgeadh, a bhailiú agus a scaipeadh, mar aon le tionchar na meán sóisialta agus an trasnaíocht mhéadaitheach atá acu le foirmeacha traidisiúnta na meán an t-athrú seo. Cruthaíonn an rochtain mhéadaitheach atá ar ghléasanna idirlíon-chumasaithe, teacht chun cinn an amhairc shóisialta, amharc ilscáileáin, Teilifís lomarcach mar aon le feidhmchláir éagsúla a chumasaíonn rochtain shaindeartha ar cheol agus na cláir raidió, i measc forbairtí eile, uileláithreach ábhair a bhraitheann níos lú ar chlár a bheith 'brúite' os comhair an bhreathnóra agus a bhraitheann níos mó ar rochtain an bhreathnóra ar a dteastaíonn uathu áit agus am ar bith ar a rogha gléis.

Is tábhachtach nach ndéantar luas an athraithe seo a rómheas. Cé gur ghlac nó go ghlacfaidh roinnt breathnóirí agus éisteoirí le patrúin nua amhairc go mear agus gur oiriúnaigh agus go n-oiriúnóidh siad féin i leith na bpatrún seo, ní dócha go dtarlóidh seo ar an luas céanna nó ar an mbealach céanna i measc an lucht féachana. D'fhéadfadh gurb éard is cúis leis seo go bhfuil dhá chur chuige an-éagsúil ann le fada i leith úsáid na meán nó go deimhin, go bhfuil go leor den chur chuige traidisiúnta fós le sonrú. Tá rochtain á fáil ag líon méadaitheach daoine ar a gcláir ar bhealach nua agus ní tráth seo inar chóir dúinn bheith neamhairdeallach; is tráth é inar cheart dúinn bheith airdeallach, machnamhach agus lúfar, b'fhéidir. Tráth atá ann inar cheart dúinn a chinntiú go gcuireann an BAI iad féin i suíomh chun déileáil le timpeallacht nua mheán agus ina dtreoraíonn siad a gcuid iarrachtaí lena chinntiú go spreagann siad daoine eile chun machnamh a dhéanamh air seo chomh maith.

Céard iad impleachtaí na n-athruithe seo don BAI maidir leis an straitéis seo a fhorbairt?

Ar go leor bealaí, feidhmíonn na hathruithe ar thírdhreach na meán chun béim a chur ar bhailíocht

a dtosaíochtaí reatha. B'ionann staid an Údaráis, ón tráth a bunaíodh iad, agus croí-ábhar a dhéanamh de leas an lucht féachana, agus is amhlaidh atá seo go fóill. D'fhéadfadh go bhfuil domhan na meán ag éirí níos casta, ach is ann go fóill do gach ceann de na spriocanna a leanas; na spriocanna rialála lena mbaineann rochtain a chinntiú do bhreathnóirí agus d'éisteoirí ar an réimse is fairsinge de chlár dhúchasacha a bhfuil ábharthacht chultúrtha iontu; láithreach éagsúlacht tuairimí agus iolracht foinsí nuachta a chinntiú; cáilíocht a chur chun cinn agus lucht féachana leochaileach a chosaint; agus meas a léiriú, i gcomhthráth ar shaoirse tuairimíochta, Tá an straitéis seo mar thoradh ar Straitéis an BAI 2011-13 agus leanann sí leis an straitéis sin agus déanann sí í a fhorbairt.

Tá i Straitéis an BAI seacht dtéama a chuimsíonn ár n-inniúlachtaí faoin reacht. Cuimsítear ár spriocanna straitéiseacha faoi na téamaí seo, agus, i dteannta a chéile, leagann siad amach an méid atá beartaithe againn a sholáthar do bhreathnóirí agus d'éisteoirí in Éirinn. Straitéis uailmhianach atá inti, a lorgaíonn a chinntiú go léirítear réalachas na timpeallachta athraithe go hiomlán inár ngníomhaíochtaí uile, agus a bheith bunaithe ar an reacht i gcomhthráth.

Bainfidh tábhacht mhéadaitheach le caidreamh agus le comhpháirtíochtaí. Leanfaidh an BAI, feasta, le dul i gcomhairle agus dul i mbun oibre go comhoibritheach de réir mar is cuí. Tabharfaidh siad faoi bheith i gceannas agus bheith rannpháirteach i ndíospóireacht agus i bplé, go háirithe i measc an phobail, chun impleachtaí na n-athruithe seo a nochtadh. Ní mheasann an BAI go bhféadfadh freagairt aonchineálach rialála bheith ann i leith na mbealaí nua seo chun féachaint agus chun éisteacht, ach, ina ionad sin, nach mór do spriocanna ardleibhéil ábhair an fhreagairt sin a threorú. Ceisteanna iad seo ar mian leis an BAI a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh orthu.

Am spreagúil a bheidh sna trí bliana amach romhainn i stair na craoltóireachta agus na meán. Creideann an BAI gur tráth atá ann ina dtarlóidh aistriú agus nach mór don eagraíocht bheith ar chomhluas leis an athrú sin agus é a rianú agus coimeád chun tosaigh air agus sinn a chur sa suíomh ceart go mbeimid in ann ár bhfeidhm a choimeád chun earnáil éagsúil agus fhairsing chraolacháin a chinntiú, pé foirm a bheidh i gceist leis sin sna blianta amach romhainn.

“Rialaíonn an BAI ar
bhealach éifeachtach atá
cothrom agus i gcomhréir,
agus atá dírithe ar a
gcuaspóirí reachtúla”




Misean

Freastalaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann ar shochaí na hÉireann trína chinntiú go mbíonn rochtain ag breathnóirí agus éisteoirí in Éirinn ar réimse fairsing agus iolrach de sheirbhísí craoltóireachta, ábhar agus cláir, a léiríonn a riachtanais, eispéireas agus leas fairsing, agus a thacaíonn lena gcuid teidlíochtaí mar shaoránaigh i ndaonlathas.

Fís

Rialtóir éifeachtach is ea an BAI, ag a bhfuil muinín an phobail, chraoltóirí agus reachtóirí chun freastal ar riachtanais féachana agus éisteachta mhuintir na hÉireann, i láthair na huaire agus amach anseo.

Luachanna



Is iad seo na croiluchanna a mhúnláíonn smaointeoireacht an BAI agus a chuireann eolas ar fáil dár gcur chuige i leith thasc na rialála. Baineann an tábhacht chéanna leo uile. Imríonn na luachanna agus na príonsabail seo tionchar ar céard a dhéanaimid agus conas a dhéanaimid é. Cuireann a gcur i bhfeidhm comhsheasmhach ar chumas an BAI oibriú go heiticiúil, go daingean agus go héifeachtach.

Spreagtha ag Leas an Phobail: Tá an BAI ann chun freastal ar riachtanais shochaí, bhreathnóirí agus éisteoirí na hÉireann. Tá leas an phobail lárnach i ngach cinneadh eagraíochtúil a dhéanaimid.

Cothrom agus i gcomhréir: Rialaíonn an BAI ar bhealach éifeachtach atá cothrom agus i gcomhréir, agus atá dírithe ar a gcuspóirí reachtúla. Léiríonn siad cothroime agus cothromaíocht ina bpróisis, nósanna imeachta agus cinntí, agus cuireann siad rialáil i bhfeidhm atá i gcomhréir agus spriochtha.

Saineolaí agus eolach: Cruthaíonn, bailíonn agus measúnaíonn an BAI sonraí agus faisnéis reatha chun a n-eolas agus a saineolas féin a fhorbairt. Úsáideann siad fianaise, comhairliúchán agus breithiúnas chun eolas

agus tacaíocht a chur ar fáil dá ndéanamh cinntí d'fhonn conclúidí cothroma a bhaint amach. Méadaíonn deachaidreamh oibre agus comhairliúchán éifeachtach le daoine agus le heagraíochtaí cáilíocht agus éifeachtacht na gcinntí rialála a dhéanann siad.

Neamhspleách agus neamhchlaonta: Tá luach ag an BAI ar a stádas comhlacht neamhspleách rialála. Bíonn tuairimí agus cinntí an BAI neamhspleách agus neamhchlaonta agus bunaithe ar fhaisnéis ardchaighdeáin a úsáid.

Gairmiúil agus tiomanta d'fhoghlaim: Eagraíocht lúfar agus fhreagrúil iad an BAI, atá tiomanta do shármhaitheas a bhaint amach. Eagraíocht foghlama atá iontu a chuireann an fhoghlaim san áireamh ar bhonn coinsiasach i ngach ceann dá ngníomhaíochtaí, a dhéanann infheistiúcht sna daoine atá rannpháirteach leo agus ina gcuid córas, próiseas agus struchtúr. Tá siad tiomanta do mhachnamh agus d'fhoghlaim a chur chun cinn laistigh d'earnáil na meán agus i measc breathnóirí agus éisteoirí.

Freagrúil, trédhearcach agus cost-éifeachtúil: Tá luach ag an BAI ar fhreagracht, trédhearcacht agus ar chost-éifeachtúlacht. Tá siad tiomanta, i ngach rud faoina dtugann siad, chun ardchaighdeáin de rialachas corparáideach a bhaint amach, ar féidir iniúchadh dian a dhéanamh air. Úsáideann an BAI próisis atá soiléir agus trédhearcach. Bíonn a gcuid gníomhartha agus cinntí cothrom, inchreidte, loighciúil agus réasúnach agus déantar iad a chur in iúl go soiléir d'fhonn feabhas a chur ar an tuiscint ar fud na hearnála agus na sochaí níos fairsinge. Tá an BAI dírithe ar a gcuid acmhainní a úsáid go héifeachtach agus luach ar airgead a sholáthar, agus iad ag tabhairt faoina sainchúram reachtúil a chomhlíonadh.

Éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch: Aithníonn an BAI luach na héagsúlachta chultúrtha agus teangeolaíche, agus spreagann siad gach craoltóir chun tuiscint ar an nGaeilge, ach go háirithe, a chothú.

“Tá an BAI ann chun freastal ar riachtanais shochaí, bhreathnóirí agus éisteoirí na hÉireann.

Tá leas an phobail lárnach i ngach cinneadh eagraíochtúil a dhéanaimid”



Téamaí Straitéiseacha, Spriocanna agus Cuspóirí Gaolmhara

Cuimsíonn an BAI díriú a gcuid oibre i seacht dtéama uileghabhálacha straitéiseacha. Tugtar breac-chuntas ar sheacht sprioc ardleibhéil maidir leis na téamaí seo. Cuimsíonn iad seo tréimhse trí bliana na straitéise agus cuimsíonn gach sprioc cuspóirí sonracha. Baineann an tábhacht chéanna le gach ceann de na seacht dtéama agus díritear iad i dtreo fhís straitéiseach an BAI a bhaint amach.

Ar bhonn bliantúil, sainithníonn an BAI cuspóirí sonracha faoi gach sprioc straitéiseach, a dheimhníonn plean bliantúil oibre na heagraíochta.

TIONCHAR A IMIRT AGUS CUMARSÁID A DHÉANAMH	16
Sprioc Straitéiseach 1 - Feidhmiú mar ghlór feasach a mbíonn daoine muiníneach as maidir le craoltóireacht i bhfearann níos fairsinge na meán	
ÉAGSÚLACHT A CHINNTIÚ	17
Sprioc Straitéiseach 2 - Réimse fairsing ábhair a sholáthar ar sheirbhísí craolacháin na hÉireann a éascú	
IOLRACHT A CHINNTIÚ	18
Sprioc Straitéiseach 3 - Iolracht a sholáthar i gcráoltóireacht na hÉireann	
TRÉDHEARCACHT AGUS FREAGRACHT A THREISIÚ	19
Sprioc Straitéiseach 4 - An fhreagracht a leagan ar chraoltóirí faoin reacht agus faoi chonradh	
FOGHLAIM AGUS FORBAIRT A ÉASCÚ	20
Sprioc Straitéiseach 5 - Oibriú le daoine agus le heagraíochtaí chun feabhas a chur ar a gcumas chun freastal ar riachtanais an lucht féachana in Éirinn	
CRAOLACHÁN FREAGRACH A CHUR CHUN CINN AGUS AN LUCHT FÉACHANA A CHUMASÚ	21
Sprioc Straitéiseach 6 - Cóid agus caighdeáin chraoltóireachta a chur i bhfeidhm agus tacú leis an lucht féachana chun freagracht a leagan ar chraoltóirí	
RIALACHAS AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL A THREISIÚ	22
Sprioc Straitéiseach 7 - Bheith mar eagraíocht lúfar, éifeachtach agus ábhartha seirbhíse poiblí atá ag teacht chun cinn mar eagraíocht foghlama	

Tionchar a Imirt agus Cumarsáid a Dhéanamh

Spríoc Straitéiseach 1 - Feidhmiú mar ghlór feasach a mbíonn daoine muiníneach as maidir le craoltóireacht i bhfearann níos fairsinge na meán

Leanfaidh an BAI bheith mar ghlór iontaofa agus feasach i dtimpeallacht na meán, atá inrochtana agus ar fáil don phobal, an lucht déanta beartas, craoltóirí agus an rialtas. Leanfaidh an BAI lena gcur chuige rialála a fhorbairt agus a oiriúnú. Sainithneoidh siad tionchar na dteicneolaíochtaí nua ar an mbreathnóir agus an éisteoir agus lonnóidh siad a dtosaíochtaí nua rialála laistigh de thimpeallacht nua na meán.

Leanfaidh an BAI le béim a leagan ar chinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh, a gcuireann sonraí daingne, faisnéis agus eolas ar fáil dóibh, a bhailítear trí thaighde, comhairliúcháin agus trí thaithí. Gabhfaidh béim athnuaithe ar chumarsáid agus rannpháirtíocht leis an bpobal agus le daoine aonair agus le heagraíochtaí a bhaineann go hábhartha lenár bhfeidhm leis seo. Glacfaidh an BAI le feidhm ghníomhach maidir le díospóireacht a spreagadh agus a éascú ar shaincheisteanna a bhaineann le saoránaigh agus le craoltóirí. Déanfaidh siad forbairtí a rianú, cuirfidh siad ceisteanna rithábhachtacha agus cruthóidh siad áit chun comhráite cruthaitheacha a dhéanamh a chuireann ar chumas breathnóirí agus éisteoirí baint fheasach a bheith acu agus breithniú a dhéanamh ar conas is fearr is féidir freastal ar a gcuid riachtanas agus conas is féidir meáin bhríomhara agus bheoga iolracha a choimeád. Cuirfidh seo, ar a uain sin, ar chumas an BAI chun comhairle a thabhairt go muiníneach agus go hinchreidte ar an lucht déanta beartais agus ar an rialtas.

Cruthóidh an BAI comhpháirtíochtaí agus caidreamh le leas nua meán, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil faoinár sainchúram reachtúil, mar aon leis an gcaidreamh luachmhar comhoibritheach sin atá bunaithe cheana féin.

Cuspóirí Straitéiseacha

1.1 Soláthróidh an BAI comhairle fheasach, neamhchlaonta, reatha agus thráthúil don Aire agus comhlachtaí ábhartha chun tacú le forbairt an bheartais chraoltóireachta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

1.2 Rachaidh an BAI i gcomhairle leis an bpobal, craoltóirí agus le páirtithe leasmhara ar bhealaí éagsúla, lena chur ar a gcumas baint fheasach a bheith acu i bplé agus i ndíospóireacht a dhéanamh ar rialáil craoltóireachta agus na hionchais a bhíonn acu i leith chraoltóirí na hÉireann.

1.3 Beidh luach ag an BAI ar shonraí, faisnéis agus eolas agus leanfaidh siad lena chinntiú go bhfuil na próisis agus an caidreamh i bhfeidhm a chuirfidh ar a gcumas rochtain a fháil ar fhaisnéis reatha agus chruinn chun faisnéis a chur ar fáil dá bhfeidhm.



“Glacfaidh an BAI le feidhm ghníomhach maidir le díospóireacht a spreagadh agus a éascú ar shaincheisteanna a bhaineann le saoránaigh agus le craoltóirí”

Éagsúlacht a Chinntiú

Sprioc Straitéiseach 2 - Réimse fairsing ábhair a sholáthar ar sheirbhísí craolacháin na hÉireann a éascú

Leanfaidh an BAI le rochtain a chinntiú do bhreathnóirí agus d'éisteoirí ar éagsúlacht chlár ó réimse craoltóirí Éireannacha ar fud na n-ardán uile ábhartha. Gnéithe rithábhachtacha iad craoltóireacht Éireannach agus ábhar Éireannach sa bhealach a léiríonn ár bpobal, a éagsúlacht go léir san áireamh, agus sa bhealach a chuireann sé aithne air féin agus a bhíonn rochtain aige ar fhaisnéis faoi shaincheisteanna a bhaineann leis laistigh den domhan níos fairsinge.

I ré ina bhfuil ábhar uileláithreach, tá an BAI dírithe ar shruthanna reatha d'ábhar Éireannach a chosaint agus a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag breathnóirí agus ag éisteoirí in Éirinn ar chlár ardchaighdeán a léiríonn a gcuid buarthaí agus a n-eispéireas, a chuireann a rannpháirtíocht ar an eolas agus a éascaíonn í i sochaí dhaonlathach mar shaoránaigh dhomhanda agus a léiríonn an réimse iomlán de leas an lucht féachana, agus a thaispeánann gach aicme den tsochaí mar aon leis na haicmí sin a spreagadh bheith rannpháirteach. Cuid thábhachtach é seo de bheartas poiblí mheon craoltóireachta an BAI agus cuid thábhachtach den bheartas céanna a bheidh sé i gcónaí i dtaobh cúrsaí intuigthe agus soiléireachta.

Tá breithnithe ar éagsúlacht mar ghnéithe fairsinge de ghníomhaíochtaí an Údaráis. Anuas air sin, beidh an BAI ar an airdeall maidir le deiseanna nua a d'fhéadfadh éagsúlacht ábhair Éireannaigh a sholáthar agus beidh siad sásta glacadh le smaointí nua ar conas a d'fhéadfaí é seo a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí. Laistigh de thimpeallacht na meán atá ag teacht chun cinn, d'fhéadfadh bealaí cost-éifeachtúla bheith ann, nach ndearnadh machnamh orthu go fóill, chun ábhar Éireannach a sholáthar don lucht féachana Éireannach agus tacóidh an BAI, laistigh dá bhfeidhm reachtúil, leo siúd is mó a chuireann le beogacht agus le brí na sceideal Éireannach.

Cuspóirí Straitéiseacha

2.1 Tabharfaidh an BAI faoina chinntiú go bhfuil rochtain ag breathnóirí agus éisteoirí Éireannacha ar réimse fairsing seirbhísí, clár agus peirspictíochtaí a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas agus a léiríonn a n-éagsúlacht. Spreagfaidh agus tacóidh siad go gníomhach le craoltóirí na hÉireann an cuspóir seo a fhíorú.

2.2 Forbróidh agus cuirfidh an BAI scéimeanna i bhfeidhm chun tacú le táirgeadh ábhar ardchaighdeán Éireannaigh a chuireann le héagsúlacht na gclár atá ar fáil don lucht féachana sa stát.

2.3 Díreoidh an BAI ar láithreach an ábhair Éireannaigh atá ar fáil do bhreathnóirí agus d'éisteoirí ar fud na n-ardán digiteach, reatha agus nua a choimeád agus a fheabhsú.

2.4 Tacóidh agus cuirfidh an BAI éagsúlacht chun cinn trína gcuid cód agus trína chur ar chumas an bhreathnóra agus an éisteora na cóid siúd a thuiscint agus chun freagracht a leagan ar chraoltóirí, i dtaobh na cothroime agus na neamhchlaontachta sa réimse tuairimí a léirítear laistigh d'ábhar na gclár.



“Ag cinntiú go bhfuil rochtain ag breathnóirí agus ag éisteoirí in Éirinn ar chlár ardchaighdeán a léiríonn a gcuid buarthaí agus a n-eispéireas”

Iolracht a Chinntiú

Spríoc Straitéiseach 3 - Iolracht a sholáthar i gcráoltóireacht na hÉireann

Leanfaidh an BAI le hiolracht a sholáthar i gcráolachán na hÉireann, lena chinntiú go mbíonn rochtain ag an mbreathnóir agus ag an éisteoir ar iolracht soláthróirí a dhéanann glóir agus tuairimí a chur ar tairiscint, inar féidir muinín agus iontaoibh a bheith as a réimse cuimsitheach. Cosaint ríthábhachtach de chuid sochaí dhaonlathach iad nuacht agus cúrsaí reatha ag a bhfuil go leor acmhainní a sholáthar go huilíoch, mar aon le cultúr de chomhrá aibí, díospóireacht oscailte agus easaontas folláin. Baintear den mhéid seo nuair atá foinsí teoranta de nuacht agus faisnéis ar fáil don bhreathnóir agus don éisteoir, a bhaineann dá c(h)umas, ar a uain sin, chun páirt bhríoch a ghlacadh i ndíospóireacht dhaonlathach.

Baineann feidhm lárnach ag iolracht leis na cuspóirí daonlathacha seo. Cosnaíonn an BAI iolracht tríd an athbhreithniú straitéiseach a dhéanann siad ar sheirbhísí craolacháin, trína gcuid socrúithe le haghaidh stáisiúin raidió agus teilifíse a cheadú agus trí fhreastal go cúramach ar cheisteanna úinéireachta agus rialaithe conraitheoirí craolacháin. Baineann tábhacht ar leith leis an obair seo nuair a bhíonn ceadúnais le hathnuachan agus is cuid bhuan é d'fhreagracht an BAI.

De réir mar a thagann athrú ar thimpeallacht na meán, tá tús curtha le díospóireacht maidir le hábharthacht an chuir chuige thraidisiúnta i leith iolracht a chosaint laistigh de na meáin. Luaitear an fháil mhéadaitheach, agus i gcás go leor daoine, an inrochtaineacht mhéadaitheach atá ar ábhar, mar aon le hifhoinisíú – nuacht a úsáid ó go leor foinsí – i measc na gcúiseanna nach dtabharfaí an oiread céanna airde ar iolracht. Ach ní réitíonn athruithe ar an líon foinsí atá ar fáil, astu féin, ceist na hiolrachta laistigh de chraolachán na hÉireann. Ar an gcuma chéanna, ní chinntíonn iolracht na bhfoinsí éagsúlacht ábhar. Is ar na cúiseanna seo go ndéanann an BAI idirdhealú soiléir idir na spríocanna seo ina straitéis. B'fhéidir go mbeidh ar bheartais chun iolracht a chur chun cinn éirí níos cuíchóirithe, áfach, lena chur san áireamh iompar athraitheach an bhreathnóra agus an éisteora chomh maith le tosca nua, seachas úinéireacht agus rialú, a imríonn tionchar ar an éagsúlacht tuairimí atá ar fáil don bhreathnóir agus don éisteoir.

Treoróidh an BAI an díospóireacht maidir le hiolracht i gcráolachán na hÉireann. Rianóidh agus déanfaidh siad monatóireacht ar na hathruithe ábhartha a thiocfaidh ar thírdhreach na meán agus ar iompar an bhreathnóra agus an éisteora chun eolas a sholáthar d'athmhúnlú beartais amach anseo.

Cuspóirí Straitéiseacha

3.1 Treoróidh agus cuirfidh an BAI le díospóireacht fheasach ar iolracht i gcráolachán na hÉireann.

3.2 Éascóidh agus coimeádfaidh an BAI timpeallacht craolacháin a sholáthraíonn meascán de shaghsanna seirbhíse agus d'fhoinsí tuairimíochta agus nuachta don bhreathnóir agus don éisteoir.



“Cosaint ríthábhachtach de chuid sochaí dhaonlathach iad cultúr de chomhrá aibí, díospóireacht oscailte agus easaontas folláin”

Trédhearcacht agus Freagracht a Threisiú

Spríoc Straitéiseach 4 - An fhreagracht a leagan ar chraoltóirí faoin reacht agus faoi chonradh

Tá cuspóir poiblí ag gach craolachán. Ba é bunchloch sheasmhach an bheartais phoiblí agus an dlí go mbíonn ról tábhachtach ag craolachán maidir lena chur ar chumas saoránach agus tacú leis an daonlathas. Ar na cúiseanna sin, ba cheart tacú leis agus é a rialáil ar mhaithe le leas an phobail.

Leagann an BAI freagracht ar chraoltóirí ar bhealach atá comhréireach, trédhearcach agus cothrom. Cinnteoidh an BAI go leanann ár gcóid agus an tiomantas a theastaíonn uainn ónár gcráoltóirí bheith ábhartha, go gcuireann leas an phobail agus an lucht féachana iad chun cinn agus go léiríonn siad ár ról mar ráthóir meáin éagsúla iolraíocha craolacháin, ar a bhfuil rochtain mhéadaitheach ag gach duine den lucht féachana.

Is í spríoc na gníomhaíochta rialála seo an fhreagracht a leagan ar chraoltóirí i leith an phobail agus na sochaí. Teorófar cur chuige rialála an BAI, cibé acu maidir le ceanglais reachtúla nó chonartha, chuige sin.

Anuas air sin, treoraítear na gealltanais seo i dtreo iontaoibh agus muinín phoiblí a mhéadú as craolachán na hÉireann, agus an méid a leagan amach ar féidir le breathnóirí agus éisteoirí bheith ag súil leis ó chraoltóirí. Ceanglaítear ar chraoltóirí bheith airdeallach i leith riachtanais an lucht féachana agus na sochaí atá ag teacht chun cinn, go ginearálta, agus chun a gcuid seirbhísí a oiriúnú chun freastal ar na riachtanais siúd. Déanann an reacht seo tagairt ar leith do na craoltóirí siúd a bhfuil tionchar níos mó acu ar an lucht féachana. Beidh an BAI ar an aird ar an gceanglas sin a chur chun feidhme. Anuas air sin, beidh aird acu ar fhreagrachtaí áirithe na gcráoltóirí seirbhíse poiblí, níos mó ná cinn eile, a eascraíonn óna gcuid ceanglais chistithe phoiblí agus reachtúla. Léiríonn creatlach rialála an BAI le haghaidh Craoltóirí Seirbhíse Poiblí an tábhacht a bhaineann leo laistigh den timpeallacht craolacháin.

Déanfaidh an BAI measúnú ar conas a rialaíonn siad i leith an chuspóra seo. Seachnóidh siad ualach rialála gan iarraidh nó cur chuige meicniúch agus fanfaidh siad dírithe ar na príomhspríocanna rialála. Ina theannta sin, beidh sé ina aidhm ag an BAI muinín phoiblí a spreagadh ina gcuid oibríochtaí trí phróisis a úsáid atá trédhearcach agus inrochtana agus trí thuariscíú rialta agus soiléir a dhéanamh ar a gcuid oibre.

Cuspóirí Straitéiseacha

4.1 Leagfaidh an BAI freagracht ar gach craoltóir a dhéanann siad a cheadúnú faoi reacht agus conradh, agus a chinntiú go n-oibríonn siad i leith théarmaí agus choinníollacha a gconarthaí, a gceadúnas agus gach reachta ábhartha, trí mhonatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh conraitheoirí.

4.2 Leagfaidh an BAI freagracht ar Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí lena chinntiú go léiríonn siad trédhearcacht agus freagracht san úsáid a bhaineann siad as cistí poiblí, i gcomhréir le ceanglais dhlí na hÉireann agus na hEorpa, agus go leanann siad leis an leibhéal seirbhíse a sholáthar a mbíonn an lucht féachana ag súil leis uathu.

4.3 Cinnteoidh an BAI go n-oibríonn gach craoltóir laistigh de na cóid agus na rialacha ábhar craolacháin atá i bhfeidhm in Éirinn.

4.4 Cuirfidh an BAI na príonsabail i bhfeidhm a leagtar amach ina mbeartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe trí bhearta atá cothrom agus i gcomhréir, a léiríonn riachtanais an lucht féachana agus oireann do chuspóirí tuairiscithe reachtúil agus freagracht a leagan ar chraoltóirí.



*“Ion taoibh agus muinín
phoiblí a mhéadú as
craolachán na hÉireann”*

Foghlaim agus Forbairt a Éascú

Spríoc Straitéiseach 5 - Oibriú le daoine agus le heagraíochtaí chun feabhas a chur ar a gcumas chun freastal ar riachtanais an lucht féachana in Éirinn

Leanfaidh an BAI le dúshlán a chur roimh earnáil chraolacháin na hÉireann agus chun tacú leis an earnáil seo, go bhfanfaidh an earnáil ábhartha, ríthábhachtach, agus go ndéanfaidh sí soláthar don lucht féachana. Tacóidh siad le tionscnaimh a shainaithníonn agus a théann i ngleic le riachtanais forbartha, atá mar thograí i leith aontais líonraí nuálacha agus straitéiseacha a chuirfidh feabhas ar a gcumas agus a spreagann comhoibriú agus sineirge.

Ní mór iad seo go léir a dhírú, faoi dheoidh, i dtreo feabhas a chur ar an ábhar Éireannach don bhreathnóir agus don éisteoir.

Déanfaidh an BAI, i dteannta na hearnála craolacháin, athbhreithmheas a thabhairt ar riachtanais forbartha na hearnála agus ar an gcur chuige chun freastal ar na riachtanais seo. Cabhróidh sé chun deiseanna foghlama a shainaithint agus chun leas a bhaint astu. Gníomhóidh siad mar éascaitheoir le haghaidh struchtúir agus comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt, lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil imreoirí nua i dtimpeallacht na meán.

Cuirfidh an BAI lena gcuid oibre go dtí seo, agus limistéir thosaíochta á sainaithint a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh a chabhróidh le craoltóirí iad féin a shuíomh laistigh de thírdhreach athraitheach meán.

Cuspóirí Straitéiseacha

5.1 Rachaidh an BAI i gcomhairle le daoine agus eagraíochtaí chun feabhas a chur ar chumas craoltóirí na hÉireann ábhar Éireannach a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais na mbreathnóirí agus na n-éisteoirí.



“Dúshlán a chur roimh earnáil chraolacháin na hÉireann agus chun tacú leis an earnáil seo, go bhfanfaidh an earnáil ábhartha, ríthábhachtach, agus go ndéanfaidh sí soláthar don lucht féachana”

Craolachán Freagrach a Chur chun Cinn agus an Lucht Féachana a Chumasú

Spríoc Straitéiseach 6 - Cóid agus caighdeáin chraoltóireachta a chur i bhfeidhm agus tacú le lucht féachana na hÉireann chun freagracht a leagan ar chraoltóirí

Cuirfidh an BAI sraith cód agus caighdeán i bhfeidhm a théann i ngleic leis na saincheistanna siúd lena mbaineann an ábharthacht is mó i measc an lucht féachana agus na sochaí. Forbrófar na cóid seo ar bhealach atá comhairleach agus rannpháirteach. Cuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach atá dírithe ar thuiscint agus léirmhíniú a chinntiú i measc craoltóirí agus an phobail mhóir, ar a gcuspóir, a riachtanais agus an méid ba mhaith leo a bhaint amach.

Anuas air sin, beidh ról ag an BAI lena chinntiú go mbíonn na huirlisí ag breathnóirí agus éisteoirí chun cinntí feasacha a dhéanamh faoi conas a bhíonn siad ag féachaint ar ábhar agus cén t-ábhar é agus conas a bhíonn siad ag éisteacht le hábhar agus cén t-ábhar é. I dtimpeallacht mheán atá ag éirí níos casta de shíor, baineann breis tábhachta le scileanna ar nós muiníne agus cumais maidir le foinsí éagsúla meán a rochtain agus a threorú. Ní féidir talamh shlán a dhéanamh díobh. Ar an gcuma chéanna, baineann tábhacht le heolas a bheith ar an méid ar féidir bheith ag súil leis ó chraoltóirí, cén réitigh atá ann faoi chúinsí ina meastar gur ghníomhaigh an craoltóir i gcoinne na n-ionchas siúd, agus a bheith ar an eolas ar conas is féidir fáil a bheith orthu, chun an chothromaíocht oiriúnach a bhaint amach idir an saoránach agus an craoltóir. Cinnteoidh an BAI go bhfuil fáil chomh fairsing agus is féidir ar a gcóid agus cabhróidh siad le daoine aonair a gcuid teidlíochtaí a fheidhmiú faoin dlí.

Laistigh de thimpeallacht nua mheán, tá deiseanna ann chun féachaint agus éisteacht le hábhar na gclár nach ndéantar rialáil orthu. Aithníonn an BAI go dtarlódh nach mbeadh cur chuige aonchineálach i leith rialáil ábhair ar fud gach ardáin inmhianaithe nó oiriúnach i ngach cás. Agus aird acu ar theorainneacha a róil reatha reachtúil, tá an BAI sásta le fiosrú agus comhoibriú a dhéanamh le himreoirí nua i dtimpeallacht na meán, ar bhonn féinrialála, chun na caighdeáin chuí a fhorbairt. Anuas air sin, oibreoidh an BAI go dlúth le craoltóirí rialaithe chun síneadh na gcaighdeán reatha a spreagadh go dtí na seirbhísí siúd a sháraíonn feidhm rialála reatha an BAI.

D'fhorbair an BAI taithí shuntasach i bhforbairt chaighdeán agus chóid na gclár agus tabharfaidh siad faoin saineolas sin a roinnt le comhpháirtithe nua meán ar mhaithe le leas an lucht féachana.

Cuspóirí Straitéiseacha

6.1 Déanfaidh an BAI athbhreithniú ar an bhforbairt agus an cur i bhfeidhm a dhéanann siad ar chóid agus rialacha, le comhlíonadh na gcaighdeán inghlactha a chinntiú i gcaolachán na hÉireann agus chun coinne a bheith le riachtanais an lucht féachana atá ag teacht chun cinn agus na riachtanais siúd a chomhlíonadh i dtimpeallacht athraitheach mheán.

6.2 Cuirfidh an BAI úsáid an phróisis ghearán i measc breathnóirí agus éisteoirí agus déanfaidh siad monatóireacht ar an bpróiseas mar mheán chun cumarsáid a éascú idir craoltóirí agus an lucht féachana.

6.3 Cuirfidh an BAI an scéim reachtúil 'Cearta Aisfhreagartha' ('Right of Reply') i bhfeidhm chun ceart sásaimh a éascú le haghaidh breathnóirí agus éisteoirí.

6.4 Cuirfidh an BAI bearta agus tionscnaimh san áireamh i ngach ceann dá ngníomhaíochtaí d'fhonn cur le hinniúlacht an bhreathnóra agus an éisteora chun tuiscint a fháil, chun idirghníomhú le timpeallacht na meán agus chun bheith rannpháirteach inti.



“Ag cinntiú go mbíonn na huirlisí ag breathnóirí agus éisteoirí chun cinntí feasacha a dhéanamh”

Rialachas agus Forbairt Eagraíochtúil a Threisiú

Spríoc Straitéiseach 7 - Bheith mar eagraíocht lúfar, éifeachtach agus ábhartha seirbhíse poiblí atá ag teacht chun cinn mar eagraíocht foghlama

Leanfaidh an BAI bheith mar eagraíocht inchreidte, éifeachtach agus fhreagrach, atá tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach agus a bhainfidh cáil amach mar gheall ar shármhaitheas.

Leanfaidh an tÚdarás, na Coistí Reachtúla agus an Fheidhmeannacht oibriú le chéile mar eagraíocht thréan chomhtháiteach.

Eagraíocht lúfar atá sa BAI. Úsáideann siad acmhainní go héifeachtach agus go solúbtha agus coimeádfaidh siad an cur chuige seo. Cuirfidh siad leis an méid a baineadh amach le trí bliana anuas trí chleachtais athraithe oibre, méadú ar úsáid na TF agus trí mhodhanna níos solúbtha oibre. Cothóidh seo an cumas atá acu chun athrú a thuar agus chun freagairt air. Leanfaidh an BAI bheith mar rannpháirtí gníomhach in uailmhian an rialtais an tseirbhís phoiblí a leasú agus a athrú.

D'fhonn coimeád chun tosaigh ar athrú, bainfidh tábhacht níos mó le heolas, machnamh criticiúil agus le foghlaim. Tiocfaidh an BAI níos mó chun cinn mar eagraíocht foghlama. Beidh luach acu ar fhiosracht agus ar cheistiú mar aon le measúnú leanúnach ar conas is fearr a gcuid oibleagáidí reachtúla agus a gcuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Sainithneoidh siad agus roinnfidh siad faisnéis straitéiseach chun a smaointeoireacht féin agus smaointeoireacht daoine eile a chur ar an eolas. Leanfar le foireann spreagtha ar a bhfuil fonn foghlama a spreagadh chun bheith ag súil le hathrú, chun dul i ngleic leis, agus chun freagairt air mar aon lena chuid impleachtaí.

Leanfaidh an BAI leis an ualach rialála a laghdú dóibh féin agus dóibh siúd a rialaíonn siad trí theacht ar bhealaí níos éifeachtúla nach mbaineann éifeacht níos lú leo chun a gcuid spriocanna a bhaint amach. Fáilteoidh an BAI roimh theicneolaíochtaí nua agus cuirfidh siad leis an réimse próiseas atá cumasaithe ó thaobh TF de chun éifeachtúlacht a mhéadú.

Cuspóirí Straitéiseacha

7.1 Oibreoidh an BAI creatlach dhaingean rialachais agus acmhainní, a chinntíonn oibriú éifeachtúil agus éifeachtach an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla, atá dírithe i dtreo oibleagáidí agus chuspóirí straitéiseacha an BAI a bhaint amach.

7.2 Coimeádfaidh an BAI struchtúir agus cleachtais eagraíochtúla atá lúfar agus cuirfidh siad barr feabhais ar úsáid acmhainní.

7.3 Tiocfaidh an BAI chun cinn mar eagraíocht foghlama trí fheabhas a chur ar conas a fhaigheann siad eolas, conas a fhoghlaimíonn siad ó thaithí, conas a thacaíonn siad leis an bhfoireann bheith fiosrach agus conas a roinneann siad faisnéis.

7.4 Cuirfidh an BAI leis an úsáid a bhaineann siad as TF agus fáilteoidh siad teicneolaíocht nua d'fhonn a gcuid éifeachtúlachta, a n-inrochtaineacht don phobal agus a dtuiscint ar na meáin a rialaíonn siad a mhéadú.



“Ag fáiltiú teicneolaíocht nua d’fhonn a gcuid éifeachtúlachta”

